Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Ciorcail Ghaeilge do dhéagóirí

Tá sé fógartha ag Glór Cheatharlach go reachtálfar Ciorcail Chomhrá Iarscoile do mhic léinn an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta i gCeatharlach arís an fómhar seo. Díreoidh na ciorcail orthu siúd atá ag lorg deiseanna breise chun Gaeilge a labhairt go neamhfhoirmiúil lasmuigh den seomra ranga. Cuireann mic léinn fáilte roimh gach deis agus iad ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha go háirithe anois agus daichead fán gcéad de mharcanna an ábhair ins na scrúduithe stáit ag dul don bhéaltriail.

Beidh na ciorcail chomhrá ar siúl ó 4.30-5.30i.n. in Ionad Pobail Darach Nua. Tiocfaidh daltaí i mbliain 1-3 le chéile gach Luan ag tosnú ar an 21ú Meán Fómhair agus cuirfear fáilte roimh na sinsir i mbliain 4-6 gach Máirt ón 22ú Meán Fómhair ar aghaidh. Beidh múinteoirí Gaeilge cáilithe i bhfeighil na gciorcal.

Níl ach táille €20 ar an gcúrsa don téarma iomlán go dtí an Nollaig. Bhí na ciorcail lán anuraidh agus mar sin ní foláir áiteanna a chur in áirithe gan mhoill. Tabharfar tús áite don chéad 20 iarratas i ngach ciorcal. Chun tuilleadh eolais a fháil agus clárú is féidir dul i dteagmháil le Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach. Teil 059 9158105, 085 1340047 nó seol rphost chuig eolas@glorcheatharlach.ie

Gluais:	**Glossary:**
fógartha	announced
ciorcal comhrá	conversation circle
iarscoil	afterschool
deiseanna	opportunities
comhrá	conversation
feabhas	improve
táille	fee
tús áite	preference
iarratas	application
clárú	register

An Klondike ar TG4

Sceideal an Fhómhair ar TG4

Beidh siamsaíocht, stair, spórt agus spraoi ar fáil go flúirseach i gclársceideal an fhómhair ar TG4 de réir an eolais a foilsíodh an tseachtain seo caite. I measc na míreanna is tarraingtí ann tá léargas nuálach ar ghnéithe rúnda agus folaithe de shaol na hÉireann, beochraoladh eisiach ar na cluichí Gaelacha, rogha iontach abhair do dhaoine óga agus seirbhís nuachta agus cúrsaí reatha atá éagsúil agus suimiúil.

Ar na buaicphointí sa sceideal nua tá mór-shraith nua drámaíochta Gaeilge dar teideal 'An Klondike' ina leantar scéal triúr deartháir as Conamara agus iad i ngleic le saol achrannach na mianadóireachta óir in Alaska. Is iomaí cor crua sa saol agus ní fada gur in aighneas lena chéile atá siad faoin ór céanna. Is i dtuaisceart Chonamara a deineadh an mór-thogra scannánaíochta seo a taifeadadh agus tá cuma Alaska air go fírinneach.

Tá an sobalchlár Ros na Rún ar ais don 20ú séasúr agus beidh rogha leathan scannáin ar an sceideal chomh maith. Sraith nua ceol traidisiúnta, taifeadta le gean agus le samhlaíocht fhísiúil a bheidh in 'Hup'. Is iad an ceol, na ceoltóirí agus an t-ionad bun agus barr na gclár seo. Níl láithreoir ná caint ar bith i gceist.

Don chéad bhliain riamh tá TG4 chun aghaidh a thabhairt ar 'Junior Eurovision' a reachtáil. Seo comórtas sóisear chun amhrán nua-chumtha Gaeilge a aimsiú le bheith san iomaíocht ag an gCraobh Eorpach a bheidh ar siúl sa Bhulgáir ag deireadh Mhí na Samhna. Beidh Niamh Kavanagh, Stiofán Ó Fearaíl agus Eoghan McDermott i measc na moltóirí ar an mbabhta náisiúnta agus déanfar an Chraobh Eorpach a chraoladh beo. Beidh 'An Jig Gig' ar ais le scoth-dhamhsóirí sa tóir ar an duais mhór.

Leanfar le scoth na gclár spórt agus beidh beochraoladh eisiach go minic ar TG4. Is cinnte go mbeidh GAA Beo, Rugbaí Beo agus Laochra Gael san áireamh.

I measc na sraitheanna rathúla ar ais beidh Béaloideas Beo, Imeall, Róisín agus Comhrá. Beidh an tseirbhís nuachta agus cúrsaí reatha ag caitheamh Súil Eile i gcónaí ar chúrsaí sa bhaile agus i gcéin i slí atá éagsúil agus difriúil. Mar is gnáthach cuirfear rogha iontach cláir do dhaoine óga ar fáil. Beidh páistí faoi dhraíocht le Cúla 4 na nÓg ag am bricfeasta do pháistí réamhscoile agus beidh Cúla 4 do pháistí bunscoile ar siúl san iarnóin.

Dá bhrí sin pé saghas cláir a bheidh á lorg agat beidh siad go léir ar fáil ar TG4 an fómhar seo. Is féidir féachaint ar na cláir beo nó leis an Aip TG4 is féidir féachaint siar ar an seinnteoir ar ábhar craolta. Seirbhís agus cláir den scoth arTG4 - Súil Eile!

Gluais:	**Glossary:**
sceideal	schedule
buaicphointí	highlights
sraith	series
mianadóireacht	mining
samhlaíocht	imagination
sobalchlár	soap
cúrsaí reatha	current affairs
rogha	choice
eisiach	exclusive
iarnóin	afternoon
seinnteoir	player

Gaeilge sa Mhúsaem

Tá an Ciorcal Gaeilge do dhaoine fásta i Músaem Cheatharlach ar Shráid an Choláiste ag filleadh ar ais an tseachtain seo tar éis bhriseadh an tsamhraidh. Beidh na ciorcail dar teideal "Is Leor Beirt" ar siúl amárach, 9ú Meán Fómhair, agus gach maidin Céadaoin ó 10.30-11.30r.n. agus cuirfear fáilte roimh chách. Beidh tae agus caifé ar fáil saor in aisce.

Ciorcal Gaeilge sa Mhúsaem

Ní gá a bheith líofa chun taitneamh a bhaint as caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge agus cuirtear fíorchaoin fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí. Is deis iontach é an teacht le chéile seachtainiúil seo chun an Ghaeilge a labhairt go sóisialta agus chun aithne a chur ar chainteoirí Gaeilge eile sa cheantar. Cuirfear fáilte faoi leith roimh fhoghlaimeoirí atá chun tabhairt faoi Cúrsa Gaeilge an fómhar seo agus tabharfar gach deis dóibh an teanga a chleachtadh i dtimpeallacht chompórdach agus neamhfhoirmiúil. Mar sin buail isteach chuig Gaeilge sa Mhúsaem i rith an téarma seo..

Gluais:	**Glossary:**
daoine fásta	adults
ag filleadh	returning
deis	opportunity
taitneamh	enjoy
foghlaimeoirí	learners
timpeallacht	environment
sóisialta	socially

"Ros na Rún" ar ais

Cuireadh tús an tseachtain seo caite le séasúr nua den tsraith drámaíochta teilifíse "Ros na Rún" ar TG4.

Tá an tsraith lonnaithe i gceantar tuaithe in iarthar na hÉireann. Seo é an 20ú bliain den tsraith rathúil a bhfuil gean an lucht féachana aici go fóill.

Gabhann na snáitheanna scéil le grá, brón, bréaga agus scéalta i nGaeltacht nua-aimseartha, comhaimseartha. Bíonn fadhbanna móra sóisialta chomh maith le gnáth-chúrsaí an tsaoil ó lá go lá faoi chaibidil le giúmar, spraoi agus léargas.

Is é "Ros na Rún" an t-aon sobaldráma a chraoltar trí Ghaeilge agus cosúil le gach sobaldráma eile bíonn saol na gcarachtar difriúil ó shaol an ghnáth duine lena gcuid fealltóireachta, triobloídí, rúin agus go leor uisce faoi thalamh. Is é an meascán iontach sin d'ábhair a choiméadann an lucht féachana dílis agus dírithe ar an scáileán cúpla uair gach seachtain.

Comhléiriúchán de chuid Eo Teilifís agus Tyrone Productions is ea "Ros na Rún". Craoltar cláir tríocha nóiméad ar TG4 gach oíche Mháirt agus Déardaoin ag 8.30i.n agus bíonn ollchlár gach Domhnach ag 10.30i.n. Ná caill é an séasúr seo!

Gluais:	Glossary:
séasúr	season
sceideal	schedule
sraith	series
lonnaithe	based
rathúil	successful
snáitheanna	storylines
comhléiriúchán	co-production
fadhbanna	problems
ollchlár	omnibus